**PREASEISIÚINT**
397/17
21/06/2017

# Substaintí guaiseacha i dtrealamh leictreach agus leictreonach - comhaontú bainte amach ag an gComhairle agus an Pharlaimint

Tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú ar an 21 Meitheamh 2017 maidir le togra le haghaidh srian a chur ar úsáid substaintí guaiseacha áirithe i dtrealamh leictreach agus leictreonach. Beidh ar ambasadóirí an Aontais Eorpaigh (Coreper) an comhaontú a dheimhniú le linn an chruinnithe a bheidh acu ar an Aoine seo, an 23 Meitheamh.

Leis an treoir nua déantar athbhreithniú ar raon feidhme Threoir 2011/65/AE (RoHS 2). Áirítear léi leasuithe arb aidhm leo go gcaithfear go cothrom leis na táirgí a chumhdaítear faoin treoir, agus moltar táirge ar leith, eadhon orgáin phíobáin, a eisiamh; tugtar aghaidh go sonrach freisin ar ábhair imní i ndáil leis an ngrúpa táirgí den chineál "raon oscailte".

> "Táimid tar éis teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa chun go laghdófar na substaintí guaiseacha a bhíonn i dtrealamh leictreach agus leictreonach. Leis an reachtaíocht nua seo, is fearr a fhéadfar dramhaíl a chosc agus a bhainistiú, agus spreagfar athúsáid agus athchúrsáil na dtáirgí agus na n-ábhar sin san Aontas. Tá rún daingean ag Uachtaránacht Mhálta a chinntiú go ndéanfaidh an tAontas Eorpach dul chun cinn chun geilleagar níos ciorclaí a bhaint amach."
>
> *José Herrera, Aire Forbartha Inbhuanaithe, Comhshaoil agus Athraithe Aeráide Mhálta*

Is é an príomhchuspóir atá leis an téacs leasaithe aghaidh a thabhairt ar roinnt fadhbanna a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún ar raon feidhme na treorach. Leis an téacs athbhreithnithe, áiritheofar go sonrach go bhféadfar oibríochtaí tánaisteacha a dhéanamh sa mhargadh (e.g. athdhíol, an margadh athláimhe) i gcás trealamh leictreach agus leictreonach a cumhdaíodh le déanaí le RoHS 2 agus go bhféadfar páirteanna spártha don trealamh sin a úsáid má chuirtear ar an margadh iad roimh an 22 Iúil 2019.

Tá an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa araon i bhfábhar an chur chuige a ghlac an Coimisiún, is é sin gan raon feidhme an athbhreithnithe sin a leathnú agus gan athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an Treoir go dtí 2021, mar atá beartaithe. De réir an téacs a comhaontaíodh, ceanglaítear ar an gCoimisiún an t-athbhreithniú ginearálta sin ar RoHS2 a dhéanamh faoin 22 Iúil 2021.

Maidir le hiarratais chun díolúine faoin treoir a athnuachan, beidh ar an gCoimisiún freisin iarratasóirí a chur ar an eolas faoin méid ama a mheastar a bheidh i gceist leis an bpróiseas cinnteoireachta.

## Na chéad chéimeanna eile

A luaithe a fhormheasann Coiste na mBuanionadaithe sa Chomhairle an comhaontú, beidh ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an treoir nua a ghlacadh go foirmiúil.

Tiocfaidh an gníomh reachtach i bhfeidhm 20 lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

## Cúlra

Thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh treoir nua lena leasófaí Treoir 2011/65/EU (RoHS 2) ar an 26 Eanáir 2017. Ghlac an Chomhairle a sainordú caibidlíochta ar an 14 Meitheamh. Thug Parlaimint na hEorpa údarú ar an lá céanna le go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht láithreach.

Le RoHS 1 agus RoHS 2 tugadh isteach bearta chun na substaintí díobhálacha sin a theorannú i dtrealamh leictreach agus leictreonach. Le Treoir RoHS2 leathnaíodh an raon feidhme go mór sa chaoi is go bhfuil feidhm aici anois maidir leis an trealamh uile leictreach agus leictreonach (EEE) a chuirtear ar an margadh san Aontas.

- An togra ón gCoimisiún
- Treoir RoHS 2011/65/CE

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319

press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press